2025/829

2.5.2025

CINNEADH (AE) 2025/829 ÓN mBORD RÉITIGH AONAIR

an 14 Aibreán 2025

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid agus i ndáil le dúnadh chuntais an Bhoird Réitigh Aonair ('BRA') don bhliain airgeadais 2023 (SRB/PS/2025/06)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN BORD RÉITIGH AONAIR,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ([1]), agus go háirithe, Airteagail 50(1)(b) agus 63(8) den Rialachán maidir le Sásra Réitigh Aonair,

Ag féachaint d'Airteagail 97, 98 agus 99 de Rialachán Airgeadais BRA an 17 Eanáir 2020, arna leasú leis an gCinneadh lena leasaítear Rialachán Airgeadais BRA (SRB/PS/2025/02) an 6 Feabhra 2025,

Ag féachaint do Chlár Oibre BRA 2023 mar a glacadh é an 28 Meán Fómhair 2022 ('Clár Oibre 2023'),

Ag féachaint do Chuntais Bhliantúla Deiridh BRA don bhliain airgeadais 2023 mar a glacadh iad an 28 Meitheamh 2024 ('Cuntais Bhliantúla Deiridh 2023'),

Ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil BRA don bhliain airgeadais 2023 mar a glacadh í an 7 Meitheamh 2024 ('Tuarascáil Bhliantúil 2023'),

Ag féachaint don Tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le gníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2023, lena n-áirítear an 'Iarscríbhinn a ghabhann le tuarascáil bhliantúil shonrach BRA ina dtugtar tuairisc ar dhliteanais theagmhasacha SRA de chuid BRA', mar aon leis an bhfreagra ó BRA ('Tuarascáil Bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí 2023'),

Ag féachaint don Tuarascáil ar Chuntais Bhliantúla Deiridh 2023 lena n-áirítear tuairimí iniúchóireachta dar dáta an 24 Meitheamh 2024 arna n-ullmhú ag Mazars Réviseurs d'Enterprises ('Tuarascáil Iniúchóireachta Mazars 2023'),

Ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil an Iniúchta Inmheánaigh 2023 dar dáta an 12 Eanáir 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal Aonair

1. Urscaoileadh a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair maidir le buiséad BRA a chur chun feidhme don bhliain airgeadais 2023;

2. Dúnadh chuntais BRA a fhaomhadh don bhliain airgeadais 2023;

3. A thuairimí a leagan amach sa rún thíos;

([1]) IO L 225, 30.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/806/oj.

4. Treoir a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair an Cinneadh seo a chur in iúl don Chomhairle, don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí lena shocrú go bhfoilseofar é in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraith L), agus ar shuíomh gréasáin BRA.

Tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a shínithe.

Thar ceann an Bhoird Réitigh Aonair,
Álvaro LÓPEZ BARCELÓ
Comhalta Iomlánach